

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar cheantar uirbeach amháin i réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(2018 C.b)

Is í São Paulo an chathair is mó sa Bhrasaíl agus tá sé ar cheann de na ceirtleáin is mó ar domhan. Is éard atá i gceirtleán ná go bhfásann go leor bailte agus go bhforbraíonn siad ceantar uirbithe amháin ar scála mór.

Ní raibh mórán tionsclaíochta i São Paulo go dtí 1880. Bhí polasaí i bhfeidhm ag coilínigh na Portaingéile ina ndearna siad iarracht na hacmhainní ar fad a bhí ag muintir na háite a ghoid. Níor forbraíodh tionscail go háitiúil; rinneadh easpórtáil ar na hacmhainní. B'ionann 65,000 duine ag daonra São Paulo ag an am.

Tháinig borradh ar thionscal an chaife in São Paulo mar gheall ar ithreacha torthúla sa cheantar, agus ba é seo an easpórtáil ba mhó de chuid na Brasaíle. Bhí caife ina thoisic tharraingthe do São Paulo, a mheall daoine ó áiteanna eile sa Bhrasaíl agus as áiteanna san Eoraip chomh maith.

Tháinig feabhas ollmhór ar gheilleagar São Paulo agus faoin mbliain 1890, bhí 240,000 duine ina gcónaí san áit. Bhí formhór acu ag obair i dtionscal an chaife, tionscal atá san earnáil phríomhúil.

Is ionann táirgeacht tionsclaíochta São Paulo agus leath de tháirgeacht iomlán na Brasaíle, rud a chuir le fás daonra agus drochdháileadh sa cheantar. Cé go bhfuil geilleagar láidir ag São Paulo, tá 50% de dhaoine fós ina gcónaí i dtithíocht faoi bhun caighdeáin, ar a dtugtar favelas. Tá gníomhaíocht choiriúil le feiceáil go smior sna háiteanna seo ach tá drochshláintíocht iontu chomh maith.

Tá fás neamhrialaithe na cathrach ina chúis le méadú mór truailithe. Bíonn trácht ina cúis le

truailiú aeir, bíonn foirgnimh ardstóracha ina chúis le hamharcthuailiú agus bíonn truailiú ó thorann ann de bharr na gclubanna móra.

Is é oirdheisceart na Brasaíle príomh-mhol eacnamaíochta na tíre, ach tá an ráta dífhostaíochta fós ard ag 12% de dhaoine gan obair. Tá an uimhir seo 8% níos airde ná 4%. Deirtear nach bhfuil aon dífhostaíocht ann má tá an figiúr ag 4%.

Chuir díluacháil an Real in 1998 i gcoinne tuilleadh infheistíochta sa réigiún, agus bhí drogall ar go leor infheisteoirí díreacha eachtracha bogadh isteach. Mar sin féin, rinne corparáidí ilnáisiúnta móra (CINanna) infheistíocht m.sh. Ford agus Shell Oil.

Cabhraigh fás agus tionsclú sna 1950idí leis an tír cúram sláinte níos fearr a sholáthar. Tháinig laghdú ar an ráta báis agus d'éirigh le níos mó leanaí céim 3 den tsamhail den trasdul déimeagrafach a bhaint amach.

Is ionann 21 mhilliún agus daonra ceantar uirbeach São Paulo anois. Leathnaigh an tsraoilleáil uirbeach amach go dtí ceantair thuaithe. Bhí éifeacht aici seo ar an bhfiadhúlra agus tá ceirtleán níos mó cruthaithe ag an tsraoilleáil seo.

Chuir rialtas na Brasaíle plean i bhfeidhm chun fás a dhíspreagadh. Bheartaigh siad príomhchathair nua a chruthú i lár na foraoise báistí, a dtabharfar Brasília uirthi. Tá daonra 3 mhilliún sa chathair seo anois.

Tá forbairt uirbeach ag tarlú sa tír mar gheall ar fhás tapa an daonra. Bhí 209 milliún duine ina gcónaí sa Bhrasaíl sa bhliain 2017, le 62% den daonra faoi bhun 29 mbliana d'aois.

Tá cúpla croílár tráchtála ag São Paulo anois toisc nach bhfuil gá le Lárcheantar Gnó amháin níos mó. Lig sé seo d'aistriú ó áit Mhonalárnach go háit atá Polalárnach.